

Cás-Staidéar

Cúlra an Tionscadail

D'eascair Tionscadal Portach Mhainistir Laoise (ABP) ó ghrúpa gníomhaíochta áitiúil ar a dtugtar AREA (Cónaitheoirí Mhainistir Laoise ar son Gníomh Comhshaoil), a bunaíodh sa bhliain 2000 chun an portach a bhí faoi bhagairt a bhaint as caonach móna a chaomhnú agus a chosaint. Tá méid suíomh Portach Mhainistir Laoise 200 heicteár (ha) ar an teorainn ag eascracha agus is é 103 ha an portach ard nó portach ardaithe a chlúdaíonn achar. Le dhá bhliain déag anuas tá samhlacha comhoibritheacha il-leibhéil agus ildisciplíneacha páirtithe leasmhara forbartha ag an tionscadal agus struchtúir rialachais chun an láithreán a bhainistiú, a chaomhnú agus a athchóiriú. Tá an ABP dírithe ar chomhpháirtíochtaí éifeachtacha agus ar úinéireacht pobail ón mbun aníos, arna fhorbairt ag oibrithe deonacha chun leas gach duine agus an phobail áitiúil a bhainisteoidh an portach ar feadh tréimhse 50 bliain ar a laghad.

An Fhadhb


Bhí an portach áitiúil faoi bhagairt ag Bord na Móna (BnM) le baint tráchtála do chaonach móna. Mheas AREA go gciallódh sé “go héifeachtach go gcaillfí taitneamhacht luachmhar don phobal, gan trácht ar an tionchar ar bhithéagsúlacht an cheantair”. Is éard a bhí i gceist le hoibreacha ullmhúcháin ar an bportach do na gníomhaíochtaí tráchtála pleanáilte ná gréasán draenacha a shuiteáil, in ainneoin cur i gcoinne áitiúil. Tar éis roinnt blianta agus roinnt dúshlán dlí cuireadh stop leis an obair.

Aidhmeanna an Tionscadail

Plean Bainistíochta Caomhnaithe (CMP) agus Plean Bainistíochta Gnó (BMP) a fhorbairt chun na tairbhí éiceolaíochta don phobal áitiúil a uasmhéadú ó thaobh oideachais, fostaíochta, ioncaim agus áineasa.

Plean Tionscadail

Baintear úsáid as cur chuige Bainistíochta¹ Acmhainní Nádúrtha Pobalbhunaithe chun na pleananna don suíomh a fhorbairt. Ba í an phríomhaidhm ná feabhas dearfach a chur ar luach caomhnaithe agus oideachais an láithreáin agus an luach taitneamhachta agus áineasa reatha a choinneáil agus a fheabhsú.



¹ Bainistíocht acmhainní nádúrtha pobalbhunaithe: cur chuige maidir le bainistiú acmhainní nádúrtha lena mbaineann rannpháirtíocht iomlán na bpobal dúchasach agus na bpobal áitiúil agus úsáideoirí acmhainní i ngníomhaíochtaí cinnteoireachta, agus institiúidí áitiúla, gnáthchleachtais agus córais eolais i bpróisis bhainistíochta, rialála agus forfheidhmithe. Faoin gcur chuige seo, is tionscnaimh de chuid daoine dúchasacha agus eagraíochtaí pobail áitiúla iad córais mhonatóireachta agus faisnéise pobalbhunaithe chun faireachán a dhéanamh ar leas a bpobal agus ar staid a gcríoche agus a n-acmhainní nádúrtha, ag cur meascán d'eolas traidisiúnta agus d'uirlisí agus de chur chuige nuálacha i bhfeidhm. (Ardán Beartais-Eolaíochta Idir-Rialtasach ar Bhithéagsúlacht agus Seirbhísí Éiceachórais (IPBES) - <https://www.ipbes.net/>)

Céimeanna an Tionscadail

- Grúpa gníomhaíochta áitiúil (AREA) bunaithe chun an portach a chaomhnú agus a chosaint
- An portach a athrangú mar Cheantar Bithéagsúlachta ag BnM (2000í luatha)
- Oibreacha athchóirithe (blokáil draein) ag BnM agus NPWS (2009)
- Suirbhéanna Éiceolaíochta déanta (2009 & 2014)
- Cuideachta theoranta bunaithe (APB Teo) agus léas 50 bliain ar an láithreán urraithe (2012)
- Boird Iontaobhaithe, Coiste Bainistíochta agus Grúpa Comhairleach Teicniúil curtha i bhfeidhm
- Plean Bainistíochta Caomhnaithe (2015-2020) foilsithe

Cé atá i gceist?

Tá struchtúr faoi thrí i bhfeidhm ag Tionscadal Portach Mhainistir Laoise Teoranta chun an portach a bhainistiú comhdhéanta de:

- Cinntíonn Bord na nIontaobhaithe go gcloítear le gnéithe éagsúla den léas,
- Grúpa Comhairleach Teicniúil (TAG), ar a bhfuil beirt éiceolaí, lucht gnó, ionadaithe ó Bhord na Móna, ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS), Comhairle Contae Laoise agus Comhairle Chaomhnaithe Phortaigh na hÉireann (IPCC), agus
- Ocht mball de Choiste Bainistíochta Phortach Mhainistir Laoise, a thagann le chéile go rialta chun pleananna éagsúla don phortach a phlé agus a cheadú.

Measúnú Tionscadail

Go dtí seo tá méadú de bhreis is 12% tagtha ar an suíomh portach ardaithe gníomhach ó cuireadh tús le hoibreacha athchóirithe in 2009, nuair a cuireadh bac ar 64 km de dhraenacha.

“Tá an tionscadal rathúil seo chun Portach Mhainistir Laoise a chosaint agus a athchóiriú, atá lonnaithe i gContae Laoise, aitheanta mar mhúnla d’iarrachtaí athchóirithe tailte móna poballáraithe agus aitheanta mar shampla téacsleabhar de bhainistiú inbhuanaithe tailte móna.” Tionscnamh Domhanda Tailte Móna

“Is sampla iontach é an iarracht shuntasach athchóirithe seo do thionscadail eile, go háitiúil agus go domhanda. Tá múnlaí maithe ag teastáil ó phobail ar fud an domhain chun a gcuid tailte móna a athchóiriú agus a bhainistiú go hinbhuanaithe, agus cuireann Tionscadal Portach Mhainistir Laoise ceann iontach ar fáil!” Dianna Kopansky, comhordaitheoir an Tionscnaimh Dhomhanda um Thailte Móna.

Tailte Móna Domhanda: <https://globalpeatlands.org/the-abbeyleix-bog-project-a-model-for-community-based-peatlands-restoration-and-management>

Naisc Úsáideacha

Le haghaidh tuilleadh faisnéise faoi Tionscadal Portach Mhainistir Laoise féach féach ar shuíomh gréasáin: <https://www.abbeyleixbog.ie/>



WILD ATLANTIC
NATURE LIFE



An Roinn Tithíochta,
Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht
Department of Housing,
Local Government and Heritage